Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
756/16
09/12/2016

# Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn: An Chomhairle réidh chun tús a chur le caibidlíocht maidir le Eurodac

D'fhormhuinigh an Chomhairle sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir le hathmhúnlú Rialachán Eurodac. Ar bhonn an tsainordaithe sin, rachaidh an Uachtaránacht i gceann caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a luaithe a bheidh a seasamh glactha ag an bParlaimint.

> Is cuid thábhachtach é seo den athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, atá ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá againn. Is díol sásaimh dom an dul chun cinn a fheiceáil a mbeidh Uachtaránacht Mhálta in ann cur leis.
>
> *Robert Kaliňák, Aire Gnóthaí Baile na Slóvaice agus Uachtarán na Comhairle*

Ghlac na hairí an téacs ar an tuiscint go ndéanfar plé arís amach anseo ar na codanna a bhaineann le comhaid eile den athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CCET) a luaithe a thiocfar ar chomhaontú maidir leo. Tabharfar an sainordú cothrom le dáta freisin i bhfianaise an phlé ar an tsaincheist faoi idir-inoibritheacht córas faisnéise.

Is é is aidhm leis an leasú córas Eurodac a oiriúnú agus a neartú agus a raon feidhme a leathnú, d'fhonn gur fusa a bheidh sé daoine a fhilleadh agus chun cabhrú le dul i ngleic leis an imirce neamhrialta.

Leis an togra nua, mar atá sé anois, leathnófar raon feidhme Rialachán Eurodac le go dtabharfar an deis do na Ballstáit sonraí a chuardach agus a stóráil a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír nó le daoine gan stát nach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad agus a bhfaightear amach ina leith go bhfuil siad ag fanacht go neamhrialta san Aontas, ionas go bhféadfar iad a shainaithint chun críocha fillte agus athligin isteach. Tríd an méadú ar an raon feidhme agus tríd an rochtain atá ag údaráis forfheidhmithe dlí ar EURODAC a shimpliú, ba cheart go gcabhrófaí leis na Ballstáit an tslándáil a chothabháil san Aontas.

Le cois sonraí bithmhéadracha breise a bhailiú - is é sin íomhá den aghaidh, beidh na Ballstáit in ann, mar thoradh ar an leathnú agus ar an simpliú, níos mó sonraí alfa-uimhriúla a stóráil in Eurodac, amhail ainmneacha, dátaí breithe, náisiúntachtaí, sonraí aitheantais nó doiciméid taistil daoine aonair.

## Cúlra

Is bunachar sonraí bithmhéadrach é Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile, a chabhraíonn le Ballstáit an Aontais agus le tíortha comhlachaithe, atá rannpháirteach maidir leis an mbunachar sonraí, a fhíorú an ndearna iarratasóir ar thearmann éileamh ar thearmann roimhe sin i mBallstát Eorpach eile nó ar gabhadh iarratasóir ar thearmann roimhe sin agus é ag dul isteach go neamhdhleathach ar chríoch Eorpach. Tá sé mar aidhm le Eurodac gur fusa a bheidh sé do stáit na hEorpa freagracht a chinneadh as iarratas ar thearmann a scrúdú agus is fusa atá sé rialachán "Baile Átha Cliath" a chur i bhfeidhm leis.

Tar éis na teachtaireachta a thíolaic sé ar an 6 Aibreán 2016 maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, thíolaic an Coimisiún, i mí na Bealtaine agus i mí Iúil, seacht gcinn de thograí reachtacha, lena n-áirítear an togra thuasluaite le haghaidh rialachán maidir le Eurodac, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar fheidhmiú CET trí dheireadh a chur leis an gcaoi éagsúil a gcaitear le lucht iarrtha tearmainn agus le rátaí éagsúla aitheantais i measc na mBallstát;
- gluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú agus cur le dáileadh freagrachta ar bhealach níos cothroime i measc na mBallstát chun cosaint a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar.

- Téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh - Eurodac

- Tograí an Choimisiúin Eorpaigh (Bealtaine 2016)
- Tograí an Choimisiúin Eorpaigh (Iúil 2016)

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press